Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council

# Fógra Príobháideachais
# **Mhótarcháin an Longfoirt**

Ag Rannóg Mhótarcháin Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. Oscail d'aip cheamara
2. Frámáil an cód QR
3. Cliceáil ar an mír aníos

# Fógra Príobháideachais
# **Mhótarcháin an Longfoirt**

## Cén fáth a bpróiseálann Mótarcháin sonraí pearsanta?

Próiseálann Mótarcháin do shonraí pearsanta d'fhonn d'iarratas a bhainistiú agus a riaradh.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Mótarcháin?

### Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Éirchód
- Uimhir theileafóin
- Uimhir chláraithe cánach/Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Ceadúnas Tiomána
- Cead Foghlaimeora
- Cláruimhir na feithicle
- Sonraí árachais
- Sonraí airgeadais, mar shampla, nuair a íocann tú d'athnuachan mótarchánach
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad an dá chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| D'fhonn conradh a aontú | Agus sinn ag íoc as soláthairtí nó seirbhísí |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil. | Nuair a aistrítear úinéireacht feithicle faoi na Rialacháin um Fheithiclí Bóithre (Clárú & Ceadúnú) (Leasú), 1995 (I.R. Uimh. 125 de 1995) faoi alt 60 den Acht Airgeadais. |

## Cé leis a roinnfidh Mótarcháin do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- Iniúchóirí
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Déileálaithe mótair
- Údaráis áitiúla eile
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Coimisinéir Síochána (duine ag a bhfuil an chumhacht dearbhuithe reachtúla a ghlacadh, sínithe finné ar dhoiciméid, deimhnithe a shíniú, agus toghairm agus barántais a eisiúint).

An Roinn Iompair
Department of Transport

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí san Oifig Mótarchánach, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**